C/2024/6754

26.11.2024

P9_TA(2024)0085

Iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí') (COM(2022)0177 – C9-0161/2022 – 2022/0117(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/6754)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0177),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 81(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0161/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Seanad na Fraince, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 26 Deireadh Fómhair 2022 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 20 Nollaig 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0223/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é ([2]);

2. á mholadh go ndéanfaí tagairt don ghníomh mar 'Threoir Wölken-Bolaños García maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ("Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí")' ([3]);

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C 75, 28.2.2023, lch. 143.
([2]) Cuirtear an seasamh seo in ionad na leasuithe a glacadh an11 Iúil 2023 (Téacsanna a glacadh, P9_TA(2023)0264).
([3]) Bhí Tiemo Wölken agus Félix Bolaños García i gceannas ar an gcaibidlíocht maidir leis an ngníomh thar ceann na Parlaiminte agus na Comhairle faoi seach.

P9_TC1-COD(2022)0117

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 27 Feabhra 2024 chun go nglacfaí Treoir(AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil do rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar éilimh atá go follasach gan bhunús nó ar imeachtaí cúirte mí-úsáideacha ('Cásanna dlí straitéiseacha i gcoinne na rannpháirtíochta poiblí')

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2024/1069.)